



An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2026
(OR. en)

10622/26

ENV 746
AGRI 502
COMPET 780
CONSOM 200
ENT 153
FIN 894
FOOD 85
IND 419
MI 648
SAN 485

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig: na toscaireachtaí

Ábhar: Tuarascáil Speisialta 23/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal
'Bainistiú dramhaíola cathrach — D'ainneoin feabhas de réir a chéile, tá
dúshláin fós ann maidir le dul chun cinn an Aontais i dtreo na ciorclaíochta'
– Conclúidí ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle
maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 23/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, mar a d'fhormheas
an Chomhairle iad ag an 4179ú cruinniú dá cuid a tionóladh an 4 Meitheamh 2026.

Tuarascáil Speisialta 23/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal ‘Bainistiú dramhaíola cathrach — D’ainneoin feabhas de réir a chéile, tá dúshlán fós ann maidir le dul chun cinn an Aontais i dtreo na ciorclaíochta’

- Conclúidí ón gComhairle -

DEARBHAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. GUR DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta 23/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal ‘Bainistiú dramhaíola cathrach — D’ainneoin feabhas de réir a chéile, tá dúshlán fós ann maidir le dul chun cinn an Aontais i dtreo na ciorclaíochta’¹ agus tugann sí dá haire na freagraí ón gCoimisiún² ar an Tuarascáil Speisialta seo; MEABHRAÍONN SÍ, gurb é an Coimisiún, de bhun na gConarthaí, atá freagrach as cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais faoi rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh;
2. AITHNÍONN SÍ barúil na Tuarascála Speisialta, d’ainneoin feabhsuithe de réir a chéile ar rátaí athchúrsála agus lagduithe ar líonadh talún, go bhfuil dúshlán fós roimh roinnt Ballstát maidir lena ndul chun cinn i dtreo na hinbhuanaitheachta, mar gheall ar shrianta airgeadais, cur chun feidhme nó acmhainneachta agus tugann sí dá haire na dúshlán a shainaithin CIE maidir le córais neamhleora bailithe ar leithligh i gcodanna den Aontas agus moilleanna ar fhorbairt an bhonneagair;

¹ Is féidir féachaint ar an tuarascáil ar shuíomh gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:

https://www.eca.europa.eu/ECAPublications/SR-2025-23/SR-2025-23_GA.pdf

² https://www.eca.europa.eu/Lists/ECARepplies/COM-Replies-SR-2025-23/COM-Replies-SR-2025-23_GA.pdf

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ó CIE aghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha sna margáí athchúrsála agus an cás gnó d'athchúrsálaithe a neartú; TUGANN SÍ DÁ hAIRE an measúnú leanúnach ón gCoimisiún ar na pleananna bainistithe dramhaíola náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla is déanaí; agus MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint dá iarrachtaí feidhmiú an mhargaidh aonair d'amhábhair thánaisteacha agus do dhramhaíl a éascú, go háirithe i ndáil le hamhábhair chriticiúla, lena n-áirítear bearta chun soláthar ábhar athchúrsáilte ardcháilíochta a mhéadú agus chun éileamh ar tháirgí ciorclacha a spreagadh;
4. MEABHRAÍTEAR DI iarrachtaí an Choimisiúin spriocanna ábhartha a bhunú, bunaithe ar réasúnaíocht láidir, agus ar cheanglais dhlíthiúla eile maidir le hathchúrsáil; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil moltaí ábhartha curtha ar fáil ag an gCoimisiún do na Ballstáit agus go gcoinníonn sé malartuithe oibríochtúla rialta ar bun le húdarais na mBallstát maidir le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme; MOLANN SÍ iarrachtaí an Choimisiúin na huirlisí uile is gá a úsáid chun comhlíonadh a éascú;
5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach leagtar síos i gcónaí i bhforálacha áirithe de reachtaíocht dramhaíola an Aontais, lena n-áirítear Airteagal 11(4) den Treoir Réime Dramhaíola, teorainneacha ama sainráite le haghaidh measúnuithe, agus is díol sásaimh di go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar bhearnaí dlíthiúla sainaitheanta sa reachtaíocht dramhaíola agus soiléireacht a fheabhsú i gcomhthéacs na meastóireachta atá ar na bacáin ar an Treoir Réime Dramhaíola, atá beartaithe do 2029;
6. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún measúnú breise a dhéanamh ar indéantacht agus éifeachtacht ionstraimí eacnamaíocha éagsúla, lena n-áirítear sásraí praghsála a bhaineann le líonadh talún agus loscadh (i gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as);
7. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe ón gCoimisiún, ó na Ballstáit, ó na húdarais réigiúnacha agus áitiúla, ó oibreoirí eacnamaíocha agus ó shaoránaigh chun cuspóirí an Aontais maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus an aeráid a bhaint amach, agus go bhfuil sé ríthábhachtach feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola cathrach chun tionchair chomhshaoil a laghdú, éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú agus athléimneacht agus iomaíochas an Aontais a neartú.